2025/1096

28.5.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1096 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2025

lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES ([1]).

(2) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1510 ([2]) lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2025.

(3) Tar éis treascairt réimeas al-Assad sa tSiria, an 24 Feabhra 2025, mhaolaigh an Chomhairle roinnt bearta sriantacha de chuid an Aontais i bhfianaise na staide sa tSiria chun rannpháirtíocht leis an tír, lena muintir agus lena gnólachtaí a éascú i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na hatógála, agus chun na hidirbhearta gaolmhara airgeadais agus baincéireachta a éascú.

(4) An lá céanna, d'eisigh an Chomhairle dearbhú inar luadh gur cheart liostuithe a bhaineann le réimeas al-Assad, le hearnáil na n-arm ceimiceach agus le trádáil aindleathach drugaí a choinneáil ar bun. Dhearbhaigh an Chomhairle freisin go leanfaidh sí de scrúdú a dhéanamh, bunaithe ar dhlúthfhaireachán ar an staid sa tír, an é gurb iomchuí na fionraithe a choinneáil ar bun go fóill, agus breithneoidh sí na céimeanna a ghlac an tSiria chun aistriú cuimsitheach a bhaint amach i gcomhréir leis na dearbhuithe a rinne údaráis an aistrithe, lena n-áirítear maidir le cuntasacht as coireanna réimeas al-Assad, urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha mhuintir uile na Siria gan idirdhealú d'aon chineál, agus an smacht reachta agus an dlí idirnáisiúnta. Agus an urraim do cheannasacht, iomláine críche agus aontacht na Siria á meabhrú di, d'iarr an Chomhairle go gcuirfí deireadh leis an gcur isteach atá a dhéanamh sa tír sin ag gníomhaithe eachtracha díchobhsaitheacha.

(5) An 20 Márta 2025, leag an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá aistriú síochánta cuimsitheach sa tSiria, atá saor ón gcur isteach eachtrach díobhálach, agus a thábhachtaí atá sé cearta mhuintir na Siria ó gach cúlra eitneach agus reiligiúnach a chosaint gan idirdhealú. Leag an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá ceartas cuimsitheach idirthréimhseach, go háirithe ar chonair an athmhuintearais. Mhínigh an Chomhairle Eorpach gur cuid de chur chuige céimneach inchúlaithe a dhéanfar ar bhonn an dlúthfhaireacháin ar an staid sa tSiria é an cur ar fionraí atá curtha i gcrích ag an Aontas maidir leis na bearta sriantacha.

(6) An 20 Bealtaine 2025, d'fhógair an Chomhairle a cinneadh polaitiúil deireadh a chur lena smachtbhannaí eacnamaíocha ar an tSiria, chun tacú lena muintir Siria nua, chuimsitheach, iolraíoch agus shíochánta a athaontú agus a atógáil a bheidh saor ó chur isteach eachtrach díobhálach

(7) Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gur cheart deireadh a chur le gach beart sriantach earnála, cé is moite díobh siúd atá bunaithe ar fhorais slándála.

([1]) Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/255/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1510 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2024/1510, 28.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1510/oj).

(8) In ainneoin gur thit réimeas al-Assad agus gur bunaíodh údaráis idirthréimhseacha, tá an staid sa tSiria fós éagobhsaí agus níor tugadh chun cuntais fós ná ní féidir fós a mheas go bhfuil deireadh le líonra al-Assad, líonra atá leitheadach laistigh agus lasmuigh den tSiria. Tá baol inchreidte díchobhsaithe fós ann, agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh borradh arís faoi thionchar an iar-réimis; is léir an méid sin i bhfianaise na dteagmhas a thacaíonn le réimeas al-Assad agus darbh aidhm an bonn a bhaint den phróiseas idirthréimhseach, as ar eascair foréigean marfach i réigiún cósta na Siria. Tá róil chumhachtacha fós ag na daoine aonair agus na heintitis liostaithe a bhfuil baint acu le réimeas al-Assad, agus tá baol ann go dtacóidh siad le tuilleadh coinbhleachta armtha, agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh in iarrachtaí chun an t-aistriú a aisiompú. Sa ráiteas uaithi an 11 Márta 2025 thar ceann an Aontais, chuir Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála in iúl gur cúis mhór imní di an foréigean forleathan i réigiún cósta na Siria, agus cháin sí go láidir na hionsaithe a rinne na mílístí ar son Assad ar fhórsaí slándála agus na coireanna uafásacha a rinneadh i gcoinne sibhialtach, lena n-áirítear básuithe achoimre, agus dúirt sí go neamhbhalbh i ndáil leis an méid sin nach mór bearta éifeachtacha a dhéanamh le nach ndéanfaí a leithéid de choireanna arís.

(9) Tá baill theaghlaigh al-Assad agus Makhlouf agus daoine aonair lena mbaineann fós le tabhairt chun cuntais as a rannpháirtíocht sa bhrú faoi chois brúidiúil ar an bpobal shibhialta sa tSiria, agus tá baol ann go ndéanfaidh siad iarracht an choinbhleacht a ghéarú agus go gcuirfidh siad bac ar an aistriú síochánta sa tSiria.

(10) Measfar go bhfuil Airí Rialtas na Siria a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad, go bhfuil siad freagrach, go comhpháirteach agus go leithleach, as an mbeartas cos ar bolg a bhíodh á shaothrú ag iar-réimeas al-Assad, agus is baol fós é go gcuirfidh siad as don aistriú síochánta sa tSiria.

(11) Is riosca iad na mílístí, na grúpaí armtha, na fórsaí slándála agus na comhlachtaí faisnéise a bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad agus atá dílis don iar-réimeas mar go bhfuil baol go mbeidh tuilleadh teannais ann agus go gcuirfidh siad an pobal sibhialta sa tSiria faoi chos a thilleadh.

(12) Tá níos mó ná 100 láthair arm ceimiceach amhrasta fós sa tSiria tar éis threascairt réimeas al-Assad; is mó i bhfad a líon ná mar a aithníodh roimh threascairt réimeas al-Assad. Is tosaíocht i gcónaí é na stoc-chairn arm ceimiceach atá fágtha sa tSiria a scriosadh chun cosaint mhuintir na Siria a áirithiú, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Nollaig 2024.

(13) Tá tionchar i gcónaí ag na mórphearsana gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil nasc acu le réimeas al-Assad agus a bhfuil saibhreas agus cumhacht shuntasach acu mar gheall ar an nasc sin, agus tá a líonraí fós i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá baol bunúsach ann go gcuirfidh na daoine aonair sin an tsochaí shibhialta agus an t-aistriú síochánta sa tSiria faoi chois de láimh láidir.

(14) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/255/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 1 Meitheamh 2026.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cosc a chur ar na daoine atá freagrach as an gcos ar bolg foréigneach ar an bpobal sibhialta sa tSiria, na daoine a bhaineann tairbhe as iar-réimeas al-Assad nó a thacaíonn leis, agus daoine a bhfuil baint acu leo siúd, teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.

2. I gcomhréir leis na measúnuithe agus leis na cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle i gcomhthéacs na staide sa tSiria mar a leagadh amach in aithrisí 5 go 12 de Chinneadh (CBES) 2015/1836 ón gComhairle (*) agus in aithrisí 8 go 13 de Chinneadh (CBES) 2025/1096 ón gComhairle (**), glacfaidh na Ballstáit freisin na bearta is gá chun cosc a chur ar na daoine seo a leanas teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras a dhéanamh trína gcríocha:

(a) mórphearsana gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad;

(b) daoine de theaghlaigh al-Assad nó Makhlouf;

(c) Airí Rialtas na Siria a bhí i gcumhacht idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(d) baill d'Fhórsaí Armtha na Siria agus an chéim "coirnéal" agus a coibhéis, nó céim níos airde acu, agus iad sa phost sin idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(e) baill de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria, agus iad sa phost idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(f) baill de mhílíství atá cleamhnaithe le réimeas al-Assad; nó

(g) daoine a oibríonn in earnáil an leata arm ceimiceach,

agus daoine a bhfuil baint acu leo siúd, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.

(*) Cinneadh (CBES) 2015/1836 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2015 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann leis na bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 266, 13.10.2015, lch. 75, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1836/oj).

(**) Cinneadh (CBES) 2025/1096 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann leis na bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L, 2025/1096, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1096/oj).';

(2) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar leo iad na daoine atá freagrach as pobal sibhialta na Siria a chur faoi chois go foréigneach nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, ar leo iad daoine agus eintitis a bhaineann tairbhe as iar-réimeas al-Assad nó a thacaíonn leis, agus ar leo iad daoine agus eintitis a bhfuil baint acu leo siúd, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfar iad a reo.

2. I gcomhréir leis na measúnuithe agus leis na cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle i gcomhthéacs na staide sa tSiria mar a leagadh amach in aithrisí 5 go 12 de Chinneadh (CBES) 2015/1836 ón gComhairle agus in aithrisí 8 go 13 de Chinneadh (CBES) 2025/1096, na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha go léir ar leo iad na daoine seo a leanas, nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú:

(a) príomhphearsana gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad;

(b) daoine de theaghlaigh al-Assad nó Makhlouf;

(c) Airí Rialtas na Siria a bhí i gcumhacht idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(d) baill d'Fhórsaí Armtha na Siria agus an chéim "coirnéal" agus a coibhéis, nó céim níos airde acu, agus iad sa phost sin idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(e) baill de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria, agus iad sa phost idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(f) baill de mhílíství atá cleamhnaithe le réimeas al-Assad; nó

(g) baill d'eintitis, aonaid, gníomhaireachtaí, comhlachtaí nó institiúidí a oibríonn in earnáil an leata arm ceimiceach,

agus daoine agus eintitis a bhfuil baint acu leo siúd, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfar iad a reo.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, ná do na eintitis a liostaítear in Iarscríbhinn I, ná chun a dtairbhe.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6, pointe (a):

'(a) is den riachtanas iad chun bunriachtanais na ndaoine a liostaítear san Iarscríbhinn I agus bunriachtanais a mbaill teaghlaigh chleithiúnacha sin a shásamh, lena n-áirítear íocaíochtaí as earraí bia, cíos nó morgáiste, leigheasra agus cóireáil liachta, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6, pointe (h):

'(h) tá sé beartaithe iad a thabhairt d'eintitis atá faoi úinéireacht Stát na Siria, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, chun íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann Phoblacht Arabach na Siria leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) as gníomhaíochtaí a bhaineann le misean fíorúcháin OPCW agus le díothú airm cheimiceacha na Siria, agus go háirithe le Ciste Iontaobhais Speisialta OPCW na Siria le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le scriosadh iomlán airm cheimiceacha na Siria lasmuigh de chríoch Phoblacht Arabach na Siria.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7, pointe (a):

'(a) tá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir cinneadh eadrána a tugadh roimh an dáta a rinneadh an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear i mír 1 nó 2 a liostú in Iarscríbhinn I, nó tá siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin a tugadh san Aontas, nó cinneadh breithiúnach atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann, roimh an dáta sin nó ina dhiaidh;';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7, pointe (c):

'(c) ní chun sochair duine nó eintitis a liostaítear in Iarscríbhinn I an cinneadh; agus';

(g) scriostar mír 9;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

'13. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 5 maidir le haistriú cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a dhéanfaidh eintiteas airgeadais nó a dhéanfar trí eintiteas airgeadais a liostaítear in Iarscríbhinn I, i gcás ina mbaineann an t-aistriú le híocaíocht a dhéanfaidh duine nó eintiteas nach liostaítear in Iarscríbhinn I i ndáil le tacaíocht airgeadais a sholáthar do náisiúnaigh Shiriacha atá ag gabháil d'oideachas, d'oiliúint ghairmiúil nó atá i mbun taighde acadúil san Aontas, ar choinníoll gur chinn an Ballstát ábhartha, ar bhonn cás ar chás, nach bhfaighidh duine nó eintiteas dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2 an íocaíocht go díreach nó go hindíreach.';

(i) scriostar mír 15;

(j) scriostar mír 16;

(3) leasaítear Airteagal 28a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 28(5) maidir le cistí ná acmhainní eacnamaíocha arna gcur ar fáil do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ná do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinní I ag comhlachtaí poiblí, ná ag daoine dlítheanacha nó eintitis a fhaigheann cistiú poiblí chun fóirithint dhaonnúil a chur ar fáil sa tSiria ná chun cúnamh a chur ar fáil don phobal sibhialta sa tSiria, i gcás ina soláthraítear na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin chun fóirithint dhaonnúil a chur ar fáil sa tSiria nó chun cúnamh a chur ar fáil don phobal sibhialta sa tSiria, agus chun na gcríoch sin amháin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 28(5) maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chuirfidh misin taidhleoireachta nó chonsalacha ar fáil do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinní I.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'7. De mhaolú ar Airteagal 28(1), (2) agus (5), féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil d'eintitis a liostaítear mar Uimhir 42 agus Uimhir 43 i "Roinn B. Eintitis" in Iarscríbhinn I, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun comhar a bhaint amach idir na heintitis sin agus eintiteas nó comhlacht rialtais Ballstáit i réimsí na hatógála, an fhothaithe acmhainneachta, na frithsceimhlitheoireachta agus na himirce.

8. Mura ndéanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh diúltach, iarraidh ar fhaisnéis nó fógra faoi am breise laistigh de 5 lá oibre ón dáta a fhaightear iarraidh ar údarás inniúil áirithe faoi mhír 7, measfar gur deonaíodh an t-údarú sin.

9. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 7 laistigh de 4 seachtaine ón údarú sin.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

'*Airteagal 29*

Ní dheonófar aon éileamh, lena n-áirítear éileamh ar chúiteamh nó ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, mar shampla éileamh ar fhritháireamh, fíneálacha nó éileamh faoi ráthaíocht, éilimh ar shíneadh a chur le banna nó ráthaíocht airgeadais nó iad a íoc, lena n-áirítear éilimh a eascraíonn as litreacha creidmheasa agus ionstraimí comhchosúla i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, mar gheall ar bhearta a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, do na daoine nó na heintitis ainmnithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó d'aon duine nó eintiteas eile sa tSiria, lena n-áirítear Rialtas na Siria, a chomhlachtaí poiblí, a chorparáidí agus a ghníomhaireachtaí, nó d'aon duine nó eintiteas a dhéanann éileamh trí aon duine nó eintiteas den sórt sin nó ar mhaithe le haon duine nó eintiteas den sórt sin.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30, mír 1:

'1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ó Bhallstát nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, an liosta atá in Iarscríbhinn I a bhunú agus a leasú.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31:

'*Airteagal 31*

1. Cuimseofar in Iarscríbhinn I na forais leis na daoine agus na heintitis lena mbaineann a liostú.

2. Áireofar in Iarscríbhinn I freisin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil, an fhaisnéis is gá chun daoine nó na heintitis lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha lena n-áirítear ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht; uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh, más eol. Maidir le heintitis, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha, áit agus dáta clárúcháin, uimhir chlárúcháin agus áit ghnó.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

'*Airteagal 34*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 1 Meitheamh 2026. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Féadfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí. Déanfar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 28a(1) go (4) a mhéid a bhaineann le hAirteagal 28(1), (2) agus (5) a athbhreithniú go tráthrialta, agus, ar a laghad, gach 12 mhí, nó ar iarraidh phráinneach ó aon Bhallstát, ón Ardionadaí, nó ón gCoimisiún tar éis d'athrú ó bhonn teacht ar na himthosca.

2. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar shárú chearta ceannasacha na mBallstát laistigh dá limistéir mhuirí i gcomhréir le dlí na farraige. Arna iarraidh sin do Bhallstát, cuirfidh aon sárú mar sin plé láithreach maidir le bearta sriantacha a leasú, i gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar na bearta sriantacha.';

(8) scriostar Airteagail 5, 6, 7, 7a, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 17, 18, 19, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 26 agus 28b;

(9) scriostar Iarscríbhinn II;

(10) scriostar Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA